2024/2665

9.10.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/2665 ÓN gCOMHAIRLE

## an 8 Deireadh Fómhair 2024

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1720 [1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/1720 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2025, agus an ráiteas ar chúiseanna maidir le beirt daoine nádúrtha agus eintiteas amháin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/1720 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2025’ in ionad an dáta ‘15 Deireadh Fómhair 2024’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.

[1] Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua (IO L 262, 15.10.2019, lch. 58).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar seo a leanas:

(1) Faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 5 agus 12:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '5. | Luís PÉREZ OLIVAS | Dáta breithe: 8.1.1956<br>Inscne: fireann | Ceann Stáisiún Póilíneachta Cheantar a Trí in Managua ó 2023 i leith. IarArd-Choimisinéir agus iarPhríomhoifigeach Cúnaimh Dhlíthiúil (DAEJ) i bpeannadlann "El Chipote". Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, úsáid iomarcach an fhornirt, drochíde a thabhairt do dhaoine atá á gcoinneáil agus cineálacha íde táirí eile. | 4.5.2020 |
| 12. | Alba Luz RAMOS<br>VANEGAS | Dáta breithe: 3.6.1949<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach<br>Pas uimhir: A0009864 (Nicearagua) | IarUachtarán Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Phoblacht Nicearagua. Freagrach as na breithiúna a ionstraimiú ar mhaithe le leasanna réimeas Ortega, trí ghníomhaíochtaí freasúra a choiriúlú go roghnaíoch, trí phatrún na sáruithe ar chearta an phróisis chuí, gabhálacha treallacha, agus dícháiliú páirtithe polaitiúla agus iarrthóirí freasúra a bhuanú.<br>Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus as an bhfreasúra daonlathach a bhrú faoi chois, agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta i Nicearagua. | 2.8.2021' |

(2) Faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)' cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 2:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '2. | An Chomhairle Uachtarach um Thoghcháin<br>Consejo Supremo Electoral | Seoladh: Pista Juan Pablo II, Managua 14005, Nicearagua<br>Suíomh: https://www.cse.gob.ni/<br>R-phost: info@cse.gob.ni | Is í an Chomhairle Uachtarach um Thoghcháin an comhlacht atá freagrach as olltoghcháin an 7 Samhain 2021 a ullmhú, a reáchtáil agus a dheimhniú, olltoghcháin a bhain an bonn ó institiúidí daonlathacha agus próisis dhaonlathacha i ngeall ar a n-easpa trédhearcachta, chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Cheil an Chomhairle Uachtarach um Thoghcháin an deis ar an bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sí eagrú na vótála i ndálaí nach dálaí daonlathacha iad.<br>An 3 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Chomhairle Uachtarach um Thoghcháin stádas dlíthiúil Yatama, an príomhpháirtí polaitiúil dúchasach i Nicearagua, ar ceal, rud a chuir bac ar a rannpháirtíocht i dtoghcháin mhí an Mhárta 2024 in dhá réigiún fhéinrialaitheacha den tír (Costa Caribe agus Costa Caribe Norte).<br>Tá an Chomhairle Uachtarach um Thoghcháin freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach, agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | 10.1.2022' |